**Cuntas Leithreasa 2018**

# Vóta 10

# An Coimisiún um Achomhairc Chánach

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chaiteachais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair i leith caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €260,170 a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 5 mar chuid den chuntas.

## Bunú an Choimisiúin

Síníodh an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015, faoinar bunaíodh an Coimisiún um Achomharc Cánach (Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc roimhe seo) ina dhlí i mí na Nollag 2015. Shínigh an tAire Airgeadais na horduithe cuí um thosach feidhme chun éifeacht a thabhairt do na forálacha reachtaíochta nua i mí Feabhra 2016. Tháinig feidhm leis an gCoimisiún um Achomharc Cánach agus leis an gcóras nua chun achomhairc chánach a phróiseáil i mí an Mhárta 2016. Tá creat rialachais nua-aimseartha á chur ar bun freisin i gcomhthráth leis na hathruithe reachtaíochta seo.

## Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta chun cuntais leithreasa a ghiniúint, mar atá leagtha amach ag Ciorclán 24 de 2018 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in ullmhú an chuntais.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Coimisiún córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chur i gníomh, a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Cheann Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánaigh airgeadais a chur i bhfeidhm. Nuair a bheidh an córas críochnaithe agus curtha i bhfeidhm, coinneofar éifeachtúlacht an chórais faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Bunaíodh nósanna imeachta i ndáil leis an tseirbhís íocaíochta agus cuntasaíochta nuair a bunaíodh an Coimisiún in 2016. Síníodh comhaontú seirbhíse idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2016 ina leagtar amach freagrachtaí na bpáirtithe. Chlúdaigh an comhaontú Cuntais/Airgeadais, Seirbhísí TF agus Iniúchóireacht Inmheánach. Ní dhearnadh athbhreithniú ar an gcomhaontú seirbhíse i 2017 ná i 2018 ach tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh air i 2019 agus cuirfear comhaontú bainistithe nua i bhfeidhm de réir mar a iarrtar é.

Chuige seo, tugaim faoi deara an ráthaíocht a thug Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le soláthar seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna agus Párolla.

Níl córas foirmeálta, críochnaithe ag an gCoimisiún ina ndéantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag an leibhéal bainistíochta cuí agus ina n-aithnítear teipeanna rialaithe suntasacha agus trína dtógtar gníomh ceartaitheach cuí. Le linn 2018, cuireadh Nósanna Imeachta agus Polasaithe Airgeadais le chéile agus tá sé beartaithe an córas seo a chur i bhfeidhm i 2019. Fuair an Coimisiún formheas chun Oifigeach Airgeadais ainmnithe a earcú i 2019 trí cheadú an Aire Airgeadais i leith na moltaí i dTuarascáil O'Donoghue.

Go dtí go mbunófar Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, bunaíodh Grúpa Iniúchóireachta ag deireadh 2017 ina bhfuil bainistíocht riaracháin shinsearach agus ionadaí ón gcomhlacht shainchomhairleach iniúchtaí inmheánacha. Tháinig an grúpa le chéile ceithre huaire i 2018 ach tar éis an cruinniú deireanach i mí Mheán Fómhair 2018, níor éirigh leo an córam riachtanach a fháil chun leanúint ar aghaidh toisc deacrachtaí foirne. Ní raibh an grúpa in ann dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú i 2018. Tá Téarmaí Tagartha le haghaidh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ullmhaithe ag an gCoimisiún agus déanfar comhaltaí nua a cheapadh chun an choiste seo i 2019.

Bhí fadhbanna ag an gCoimisiún freagracht i leith bainistiú riosca a shannadh i 2018 mar gheall ar acmhainní srianta agus mar thoradh air sin, ní raibh córas bainistíochta riosca ag an gCoimisiún ná clár rioscaí á chothabháil acu. Le cabhair ó shainchomhairleoirí seachtracha, chuir an Coimisiún tús le polasaí bainistíochta riosca agus clár riosca a fhorbairt i 2018. An riosca is suntasaí atá ag an gCoimisiún ná an cumas achomhairc a phróiseáil ar bhealach dóthanach, agus aghaidh a thabhairt ar a ndualgais comhlíontachta Státseirbhíse leis an leibhéal foirne reatha. Cuireadh acmhainní breise ar fáil don Choimisiún i 2019 chun go bhféadtar aghaidh a thabhairt ar na réimsí riosca seo. Leagadh an cúram ar an bPríomhoifigeach Oibríochtaí nua-ainmnithe na nósanna imeachta um bainistíocht riosca a chríochnú agus a chur i bhfeidhm i 2019.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm laistigh dár n-acmhainní teoranta. Folaíonn sé seo na heilimintí seo a leanas

- Faoin gcomhaontú seirbhíse idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, ullmhaítear buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú tréimhsiúil ag lucht bainistíochta sinsearaí.
- Tá tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ann ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na tuarthaí a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil don lucht ardbhainistíochta le haghaidh athbhreithniú.
- Tá córais a dhíríonn ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC atá ag na Coimisinéirí Ioncaim.
- Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach.

***Iniúchóireacht inmheánach***

Deimhním go bhfuil comhaontú i bhfeidhm ag an gCoimisiún leis na Coimisinéirí Ioncaim a chuireann rochtain ar fáil don Choimisiún ar fheidhm iniúchóireachta inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim; agus, ar iarratas, cuirfidh an fheidhm an Coimisiún ar an eolas faoi na caighdeáin rannach maidir le hiniúchóireacht inmheánach, cleachtais agus nósanna imeachta ginearálta maidir leis an iniúchóireacht, agus forbairtí leanúnacha. I 2018, ní dheachaigh an Coimisiún i gcomhairle le feidhm iniúchóireachta inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim ná ní dhearna sé iarracht a cuid comhairle a lorg.

Bhunaigh an Coimisiún feidhm iniúchóireachta inmheánaí le linn 2017, agus fostaíodh comhairleoirí chun na críocha seo faoi shainchúram an Ghrúpa Iniúchóireachta. Tá plean iniúchóireachta inmheánaí aontaithe ag an ngrúpa don tréimhse 2018 go 2020 leis na hiniúchóirí inmheánacha i 2018.

***Neamhchomhlíontacht le rialacha soláthair***

Cinntíonn an Coimisiún go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach. Níl nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm, áfach, chun comhlíontacht leis na treoirlínte ábhartha uile a chinntiú. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún nósanna imeachta dá leithéid a chur i bhfeidhm le linn 2019.

I 2018, chloígh an Coimisiún le treoirlínte soláthair seachas na cinn seo a leanas

- €33,000 i leith bogearraí agus crua-earraí le haghaidh córas glóraitheantais agus deachtúcháin.

Tá sonraí maidir leis an gconradh eisceachtúil seo curtha ar fáil ag an gCoimisiún sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Coimisiún tiomanta do luach ar airgead a bhaint amach i leith soláthar soláthairtí agus seirbhísí a chur ar fáil atá riachtanach do ghníomhaíochtaí an Choimisiúin. Ó Eanáir 2019, tá an Coimisiún tar éis páirt iomlán a ghlacadh i dtionscnaimh leanúnacha de chuid an Oifig um Sholáthar Rialtais lena n-áirítear an úsáid chuí as seirbhísí comhroinnte agus seirbhísí aontaithe faoin gcomhaontú seirbhíse leis na Coimisinéirí Ioncaim. Táthar ag cloí le polasaithe agus nósanna imeachta atá i gcomhréir le Treoirlínte Soláthair Phoiblí d'Earraí agus Seirbhísí. Fanfaidh rialuithe i bhfeidhm chun comhlíontacht a chinntiú leis an straitéis seo.

***Creat riosca agus rialaithe***

D'aithin an Coimisiún an gá le córas bainistíochta riosca a fhorbairt a shainaithníonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus chomh fada agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú. D'fhostaigh an Coimisiún an Foras Riaracháin chun cabhrú leis an bhfeidhm riosca a fheabhsú agus chun oiliúint a chur ar an bhfoireann ar gach gné de seo. Rinneadh forbairt ar dhréachtpholasaí agus ar dhréachtchlár sa dara leath de 2017, ach, mar gheall ar na hacmhainní teoranta atá againn, chomh maith leis an am agus an saineolas a theastaíonn le haghaidh an taisc thábhachtaigh seo, iarradh cabhair ó shainchomhairleoirí i 2018. Próiseas fadálach é seo agus mar gheall nach ann do Ghrúpa Iniúchóireachta agus Riosca, táthar ag leanúint leis seo i 2019.

Tá an dréachtchlár á chur in oiriúint, i gcomhairle leis an bhForas Riaracháin agus iniúchóirí inmheánacha, chun go bhfreastalófar ar riachtanais an Choimisiúin. Bainfear úsáid as toradh na measúnuithe seo leis na hacmhainní atá ar fáil a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí chun an leibhéal is fearr is féidir.

Déanfar cur síos sa chlár riosca ar na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn leis na rioscaí a mhaolú agus sainaithneofar ann na réimsí ar chóir oibriú rialuithe a shannadh do bhaill áirithe foirne.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún creat riosca agus rialaithe oibríoch a chur i bhfeidhm roimh dheireadh 2019, faoi réir bhunú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2019.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Níl nósanna imeachta foirmeálta críochnaithe agus curtha i bhfeidhm go fóill le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Dá bharr sin, déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhartha ceartaitheacha a chur i bhfeidhm ar bhealach neamhchórasach agus ad hoc. Sainaithníodh an príomhriosca, is é sin ár n-easnamh suntasach acmhainní, agus tá acmhainní sa bhreis do 2019 ceadaithe ag an Aire Airgeadais. Rinne sainchomhairleoir seachtrach, Niamh O'Donoghue, athbhreithniú iomlán ar acmhainní i 2018. Cuireadh an Tuairisceán faoi bhráid an Aire Airgeadais i mí Lúnasa 2018. Cheadaigh an tAire torthaí an Tuairisceáin agus tá maoiniú ceadaithe le haghaidh 2019 chun a moltaí a chur i bhfeidhm. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún nósanna imeachta foirmeálta a chur i bhfeidhm roimh dheireadh 2019 le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, faoi réir bhunú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2019.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Mar bhonn taca ag monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach taobh istigh den Choimisiún le freagracht as forbairt agus cur i bhfeidhm an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais. Níor tharla aon athbhreithniú i 2018. Ag eascairt ó obair an Grúpa Iniúchóireachta áfach, aontaíodh leis an bplean iniúchóireacht inmheánach agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar na córais um rialú inmheánach ag tús 2019.

***Deacrachtaí rialaithe inmheánaigh airgeadais***

*An córas cásbhainistíochta*

Tar éis gníomhaíocht soláthair i 2016, fuair an Coimisiún córas cásbhainistíochta. Le linn 2016 agus 2017, tabhaíodh caiteachas iomlán €202,000 ina leith seo. Le linn 2018, sainaithníodh laigí sa phróiseas soláthair a úsáideadh in athbhreithniú déanta ag Iniúchóireachta Inmheánaí.

Níor oibrigh an córas mar a beartaíodh. Faoi Aibreán 2018, chuir an Coimisiún deireadh leis an gcóras nua. Ag deireadh 2018, bhí luach glan €84,000 de réir na leabhar ar na sócmhainní bainteacha. Cé go bhféadfadh luach iarmharach a bheith i gceist leis an gcóras, tá an cinneadh déanta ag an gCoimisiún go mbeadh sé níos stuama an luach atá fanta a dhíscríobh ag deireadh 2018. Cuireadh réiteach shealadach TFC i bhfeidhm go dtí go ndéantar cinneadh maidir le réiteach fadtéarmach.

Moladh córas cásbhainistíochta nua a fhorbairt go comhpháirteach a ligfeadh do chomhéadan leictreonach uathoibrithe a bheith i gceist idir córais TFC na gCoimisinéirí Ioncaim agus córais TFC an Coimisiún, agus tá cleachtadh scóipe árdleibhéil déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim ina leith seo. Táthar i lár grúpa oibre TFC le hionadaithe ó na Coimisinéirí Ioncaim, an Coimisiún, an OPOFR agus an Roinn Airgeadais a bhunú le mheas cén chaoi gur fearr is féidir na riachtanais TFC don Choimisiún agus a scairshealbhóirí a shásamh.

Ina theannta sin, tá saineolaí TFC fostaithe ag an gCoimisiún i 2019 ag grád an Phríomhoifigigh Chúnta le cinntiú go bhfuil an cumas inmheánach acu na riachtanais TFC leanúnacha a shásamh.

**Mark O'Mahony**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

23 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Coimisiún um Achomhairc Chánach agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2019

# Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastachain | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Éascú ar achomhairc chánach a éisteacht | 1,707 | 1,426 | 1,122 |
| | **Caiteachas comhlán** | **1,707** | **1,426** | **1,122** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **81** | **60** | **45** |
| | **Glanchaiteachas** | **1,626** | **1,366** | **1,077** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | 260,170 | 528,203 |

**Mark O'Mahony**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach
27 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas chláir | | | |
| Pá | | 1,148 | 753 |
| Neamhphá | | 278 | 369 |
| **Caiteachas comhlán** | | **1,426** | **1,122** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **60** | **45** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,366** | **1,077** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (38) | | |
| Dímheas | 65 | | |
| Sócmhainní a díscríobhadh | 84 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 27 | | |
| | | 138 | 4 |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 31 | | |
| Méadú ar stoc | (2) | | |
| | | 29 | (3) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,533** | **1,078** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 380 | 270 |
| **Glanchostas chláir** | | **1,913** | **1,348** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 10 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 28 | 28 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 352 | 242 |
| | 380 | 270 |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 66 | 204 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 134 | 371 |
| Stoic | 2.3 | 5 | 3 |
| Réamhíocaíochtaí | | 34 | 36 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 173 | 410 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 38 | 9 |
| Vóta 9, Na Coimisinéirí Ioncaim | | 99 | 340 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.4 | 35 | 31 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 172 | 380 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1 | 30 |
| **Glansócmhainní** | | **67** | **234** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **67** | **234** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 234 | 235 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 1,626 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (260) | | |
| Vóta glan | | | 1,366 | 1,077 |
| Caiteachas (in airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 380 | 270 |
| Glanchostas chláir | 1 | | (1,913) | (1,348) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **67** | **234** |

## 2.2 Sócmhainní caipitiúla

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlána** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 85 | 307 | 392 |
| Breiseanna | — | 38 | 38 |
| Sócmhainní a díscríobhadh[a] | — | (186) | (186) |
| Diúscairtí | (85) | (12) | (97) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | — | 147 | 147 |
| | | | |
| **Dímheas carnach** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 65 | 123 | 188 |
| Dímheas don bhliain | — | 65 | 65 |
| Sócmhainní a díscríobhadh[a] | — | (102) | (102) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (65) | (5) | (70) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | — | 81 | 81 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **—** | **66** | **66** |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **20** | **184** | **204** |

Nóta [a] Féach ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais maidir leis an gcóras cásbhainistíochta sa rannán ar dheacrachtaí rialaithe inmheánaigh airgeadais.

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 5 | 1 |
| Ábhar inchaite TF | — | 2 |
| | **5** | **3** |

## 2.4 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 260 | 528 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (225) | (497) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **35** | **31** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 134 | 371 |
| | 134 | 371 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim | (99) | (340) |
| | **35** | **31** |

## 2.5 Ceangaltais

**Ceangaltais dhomhanda**

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 34 | — |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí | **34** | **—** |

## 2.6 Dliteanais Theagmhasacha

Tá dliteanais theagmhasacha mheasta de €22,000 ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 1,307 | 1,148 | 753 |
| ii | Taisteal agus cothú | 70 | 4 | 1 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 30 | 98 | 62 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 30 | 8 | 9 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 200 | 116 | 252 |
| vi | Costais áitribh oifige | 70 | 4 | 16 |
| vii | Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile | — | 48 | 29 |
| | | **1,707** | **1,426** | **1,122** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá an caiteachas clár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin. Cuireann an méid seo a leanas in iúl na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% nó €100,000).

*i.* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €1.307 milliún, toradh: €1.148 milliún

Bhí an gannchaitheamh €159,000 ar thuarastal, pá agus liúntais ann mar gheall ar an earcú ar bhaill foirne bhreise ag an gCoimisiún a bhí níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, agus imeacht ball sinsearach foirne ag deireadh na bliana.

*ii.* *Taisteal agus cothú*

Soláthar mheastacháin: €70,000, toradh: €4,000

Bhí an gannchaitheamh €66,000 ar chaiteachas ar thaisteal agus cothú ann mar gheall gurb i mBaile Átha Cliath a chualathas na hachomhairc ar fad. Rinneadh foráil i meastachán 2018 ar mhéid áirithe taistil Choimisinéara chuig ionaid timpeall na tíre chun achomhairc a éisteacht.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €30,000, toradh: €98,000

Bhí an róchaitheamh €68,000 ar chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha ann mar gheall ar an sreabhadh i líon na mball foirne sa Choimisiún ar theastaigh oiliúint agus forbairt bhreise uathu. Thabhaigh an Coimisiún caiteachas breise i ndáil le síntiúis do bhunachair sonraí dlí agus cánach agus táillí le haghaidh iniúchóireacht inmheánach. Bhí dualgas ar an gCoimisiún muirir a thabhú le haghaidh seomraí ar cíos chun éisteachtaí a reáchtáil ós rud é nach raibh a ndóthain spáis sna sean-oifigí.

iv *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin: €30,000, toradh: €8,000

Bhí an gannchaitheamh €22,000 ar chaiteachas ar chostais seirbhísí poist agus teileachumarsáide ann mar gheall ar pholasaí an Choimisiúin cumarsáid a dhéanamh trí ríomhphost seachas leis an bpost nuair is féidir agus nuair is cuí.

v *Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF*

Soláthar mheastacháin: €200,000, toradh: €116,000

Bhí an gannchaitheamh €84,000 ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF ann mar gheall ar an gcaiteachas beartaithe ar an gcrua-earra ríomhaireachta breise agus toisc nár tharla an fhorbairt ar bhogearraí an Choimisiúin le linn 2018.

vi *Costais áitribh oifige*

Soláthar mheastacháin: €70,000, toradh: €4,000

Bhí an gannchaitheamh €66,000 ar chaiteachas ar chostais áitribh oifige ann mar gheall ar an gcaiteachas a beartaíodh le linn 2018 i leith baill foirne a earcú, rud nár tharla, agus bhí an costas ar bhogadh go dtí oifigí nua an Choimisiúin níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

vii *Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile*

Soláthar mheastacháin: €Nialas, toradh: €48,000

Bhí an róchaitheamh €48,000 ar shainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile ann mar go raibh gá le seirbhísí bainistíochta tionscadail i ndáil le haistriú oifige an Choimisiúin, tacaíocht TFC agus forbairt an chórais cás-bhainistíochta.

# 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 81 | 60 | 41 |
| 2 | Míreanna Ilghnéitheacha | — | — | 4 |
| | **Iomlán** | **81** | **60** | **45** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasuithe i gcabhair €21,000 níos lú ná mar a bhí an meastachán. Tá an míniú ar an athrúchán leagtha amach thíos.

*1 Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €81,000, toradh: €60,000

Bhí an t-easnamh €21,000 ann mar gheall go raibh an t-earcú ar bhaill foirne bhreise ag tógáil níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 14 | 13 |

### 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 1,040 | 686 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 9 | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 99 | 67 |
| **Pá iomlán** | **1,148** | **753** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1 | — | 9,519 | — |

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba é €2,217 suim na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana i leith duine aonair (2017: Nialas). Ní raibh aon phlean téarnaimh i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Ó 31 Nollaig 2018, tá tús curtha leis an bpróiseas fritháirithe.